

## Meánscoil agus Microsoft

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mheánscoil atá sa nuacht de bharr na scileanna teicneolaíochta atá ag a cuid daltaí. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail/ fráasaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail/ fráasaí ar dheis?

1. aitheantas	a) <i>specialist tutor</i>
2. ceannródaíoch	b) <i>as a result of</i>
3. sainteagascóir	c) <i>recognition</i>
4. aird na cuideachta	d) <i>more research</i>
5. mar gheall ar	e) <i>material and resources</i>
6. is mór an onóir	f) <i>the duties</i>
7. ábhar agus acmhainní	g) <i>equipment</i>
8. trealamh	h) <i>pioneering</i>
9. tuilleadh taighde	i) <i>it's a great honour</i>
10. na dualgais	j) <i>the company's attention</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus labhair leis an duine in aice leat faoi ábhar na míre.

### Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén bhaint atá ag an scoil leis an gcomhlacht *Microsoft*?
2. Cad a dúirt na daoine seo?

Emma Ní Riain  
Dalta scoile 1 (Niamh)  
Dalta scoile 2  
Sarah Nic Dhonnchadha

3. Cad iad na dualgais a bheidh ar an scoil anois?

### Ceist 4

'...Meán fómhair...'

- A. Scríobh amach míonna na bliana sa chéad cholún.
- B. Cuir an focal **mí** roimh na míonna sa dara colún.
- C. Cuir an focal **de** roimh an bhfocal **mí** agus ainm na míosa sa tríú colún.
- D. Cén lá a rugadh tú?
- E. Cén lá a rugadh an duine in aice leat?

**VIFAX 18 Samhain 2014**  
**Bunleibhéal**

Eanáir	mí Eanáir	de mhí Eanáir
Feabhra	mí Feabhra	de mhí Feabhra
Márta	mí an Mhárta	de mhí an Mhárta

- Ceist 5**
- A.** Féach ar an mír arís agus breac síos aon fhocal a chloiseann tú a chuireann nithe dearfacha faoin scoil seo in iúl.
- B.** Cad is brí leis na réimíreanna *sain-* agus *sár-*? An raibh samplaí díobh sa mhír? Cad iad?

- Ceist 6**
- Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:
1. Conas is féidir leis an teicneolaíocht cuidiú leis an oideachas?
  2. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le ríomhairí, más ann dóibh?
  3. An mbeidh daoine ag ceannach leabhair ar bith i gceann deich mbliana, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
c	h	a	j	b	i	e	g	d	f

### Ceist 2

Is cleachtadh cainte é seo. Tabhair deis do na foghlaimeoirí an méid a thuig siad faoin mír a phlé le chéile. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán ansin.

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

Eanáir	mí Eanáir	de mhí Eanáir
Feabhra	mí Feabhra	de mhí Feabhra
Márta	mí an Mhárta	de mhí an Mhárta
Aibreán	mí an Aibreáin	de mhí an Aibreáin
Bealtaine	mí na Bealtaine	de mhí na Bealtaine
Meitheamh	mí an Mheithimh	de mhí an Mheithimh
Iúil	mí Iúil	de mhí Iúil
Lúnasa	mí Lúnasa	de mhí Lúnasa
Meán Fómhair	mí Mheán Fómhair	de mhí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	mí Dheireadh Fómhair	de mhí Dheireadh Fómhair
Samhain	mí na Samhna	de mhí na Samhna
Nollaig	mí na Nollag	de mhí na Nollag

Tabhair deis do na foghlaimeoirí an dáta a rugadh iad a phlé le chéile. Bí cinnte go bhfuil gach foghlaimeoir in ann a dháta breithe a rá mar is ceart.

### Ceist 5

'ceannródaíoch'

'is mór an onóir dúinn é'

'den scoth'

'taitníonn sé liom'

'sin an rud is fearr'

'tá sé iontach'

Sain- = special, specific (sainteagascóir)

Sár- = surpassing, excellent (sárobair)

### Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### Eimear Ní Chonaola

Tá aitheantas tugtha ag *Microsoft* do mheánscoil i gContae na Gaillimhe as a bheith chomh ceannródaíoch is atá siad i dtaobh foghlaim sa rang. Tá beirt mhúinteoirí ón scoil roghnaithe freisin mar shainteagascóirí ag *Microsoft*. Níl ach céad go leith scoil timpeall an domhain a bhfuil an t-aitheantas seo acu.

### Sinéad Ní Neachtain

Tá an saol athraithe go mór ó bhí mic léinn ag tabhairt fód móna chuig an scoil agus is cosúil nach mbeidh leabhair á dtabhairt chuig an scoil amach anseo ach an oiread. Is ar ríomhairí atá na mic léinn i gColáiste Bhaile an Chláir ag foghlaim agus tá an tsárobair<sup>1</sup> atá ar bun acu tar éis aird na cuideachta domhanda *Microsoft* a tharraingt.

### Emma Ní Riain, Leas-Phríomhoide

Is mór an onóir dúinn mar scoil nua, níl muid bunaithe ach ón bhliain seo caite. Meán Fómhair an bhliain seo caite a thosaigh muid agus bhí muid ag obair le *Microsoft* agus mar gheall ar an dea-obair atá déanta againn sa scoil seo, tá muid ainmnithe mar scoil den scoth. Níl ach céad caoga scoil<sup>2</sup> ar fud an domhain (tar éis) a bheith ainmnithe agus mar a dúirt mé cheana, is mór an onóir dúinn é sin.

### Sinéad Ní Neachtain

Tá ábhar agus a n-acmhainní féin cruthaithe ag an scoil; agus leis na ríomhairí atá acu tá na mic léinn in ann dul níos doimhne sna hábhair atá siad ag staidéar<sup>3</sup>.

### Niamh Nic Cú Uladh

Is féidir linn ríomhphoist a sheoladh chuig<sup>4</sup> ár múinteoirí agus seolann siad freagraí chugainn<sup>5</sup> ar ais.

### Dalta scoile 2

Taitníonn sé liom mar tá gach rud ar an ríomhaire. Níl aon rud i do mhála scoile ach do ríomhaire. Níl aon leabhair, tá siad go léir ar an ríomhaire. Sin an rud is fearr.

### Sarah Nic Dhonnchadha

Níor cheap mé go deo go mbeadh an trealamh seo agamsa agus go mbeadh an... seo é an stíl ...tá stíl dhifriúil múinteoireachta faoi láthair sa scoil seo. Tá sé iontach. Tá, mar a dúirt mé, tá muid in ann teagmháil a dhéanamh aon am is maith linn. Má tá mé ag clúdach rud éicint<sup>6</sup> sa rang ar nós filíochta, tá na daltaí in ann b'fhéidir tuilleadh taighde a dhéanamh ar an bhfile nó ar an dán. Seo iontach, is iontach an deis é do<sup>7</sup> na múinteoirí agus do na daltaí.

### Sinéad Ní Neachtain

Ceann de na dualgaisí<sup>8</sup> a bheidh ar Choláiste Bhaile an Chláir anois ná a gcuid taithe a roinnt le scoileanna eile agus amach anseo beidh cuairteoirí as scoileanna timpeall na tíre, chomh maith le cuairteoirí as tíortha eile ag teacht anseo go bhfeicfidh siad an teicneolaíocht ag obair.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4, Coláiste Bhaile an Chláir, i gContae na Gaillimhe.

---

<sup>1</sup> *sárobair* a deirtear

<sup>2</sup> *scoileanna* a deirtear

<sup>3</sup> *sna hábhair a bhfuil staidéar á dhéanamh acu orthu* atá i gceist anseo

<sup>4</sup> *donár (dár)* a deirtear

<sup>5</sup> *dúinn* a deirtear

<sup>6</sup> *éigin* atá sa Chaighdeán Oifigiúil, ach *éicint* atá i nGaeilge Chonnacht

<sup>7</sup> *chun* a deirtear

<sup>8</sup> *dualgais* atá sa Chaighdeán Oifigiúil, ach tá *dualgaisí* an-choitianta sa chaint